II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## Ráiteas ón gCoimisiún

(2022/C 412/01)

Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá an t-iomaíochas, an nuálaíocht agus an infheistíocht i seirbhísí digiteacha, go háirithe maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta. Chun na críche sin, tá an Coimisiún tiomanta micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta a éascú agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha á chomhlíonadh acu, go háirithe trí chláir ábhartha a shlógadh i bhfabhar na nuálaíochta, úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus an chaighdeánaithe.